Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14555/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0364(NLE)**

**POLCOM 162**
**WTO 208**
**PECHE 447**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 582 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 582 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 582 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.11.2022
COM(2022) 582 final

2022/0364 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Cuireadh tús le Babhta Doha den chaibidlíocht trádála (ar a dtugtar freisin Clár Oibre Doha um Fhorbairt nó 'DDA') san Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('EDT') in 2001 agus cumhdaíodh sa chaibidlíocht sin réimse leathan saincheisteanna lenar áiríodh fóirdheontais iascaigh, talmhaíocht, earraí tionsclaíocha, seirbhísí, fóirdheontais thionsclaíocha, agus saincheisteanna maidir le forbairt. Cuireadh de chúram ar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ina caibidlíocht maidir le fóirdheontais iascaigh Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 14.6. a bhaint amach.

Leagtar amach i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14.6 na Náisiún Aontaithe an aidhm chun toirmeasc a chur ar chineálacha áirithe fóirdheontas iascaigh a chuireann leis an ró-acmhainneacht agus leis an ró-iascaireacht, agus deireadh a chur le fóirdheontais a chuireann le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe, agus staonadh ó fhóirdheontais nua den sórt sin a thabhairt isteach, agus á aithint gur cheart go mbeadh cóir speisialta agus dhifreálach atá iomchuí agus éifeachtach do thíortha i mbéal forbartha agus do thíortha is lú forbairt ina dlúthchuid den chaibidlíocht maidir le fóirdheontais iascaigh na hEagraíochta Domhanda Trádála.

Ag an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT a bhí ar siúl an 12-17 Meitheamh 2022 sa Ghinéiv, thángthas ar chomhthuiscint maidir leis an gComhaontú maidir le Fóirdheontais Iascaigh ('an Comhaontú'). Ghlac an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT[1] an Prótacal lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála tríd an gComhaontú maidir le Fóirdheontais Iascaigh, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal sin, a chur isteach i gComhaontú Marrakech tar éis an Chomhaontaithe maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh.

Tá an Comhaontú ríthábhachtach chun a áirithiú gurb í an inbhuanaitheacht príomhchuspóir na bhfóirdheontas iascaigh sin agus nach ndéanfar dochar do na haigéin agus do na stoic éisc atá fíor-riachtanach do shlí bheatha pobal cósta ar fud an domhain. Ar bhealach nach bhfacthas roimhe seo, chomhaontaigh Comhaltaí uile EDT srianta suntasacha a chur i bhfeidhm ar an iascaireacht neamh-inbhuanaithe a fóirdheonú, go háirithe:

- Toirmeasc ar fhóirdheontais le haghaidh iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe;
- Toirmeasc ar fhóirdheontais le haghaidh iascaireacht lasmuigh de dhlínse Stáit cósta agus lasmuigh d'inniúlacht eagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh ábhartha (RFMO/A) chun na limistéir is leochailí nach bhfuil córas bainistíochta iascaigh bunaithe agus comhordaithe acu a chosaint;
- Toirmeasc ar fhóirdheontais le haghaidh iascaireacht a dhéanamh ar stoic a ndéantar ró-iascaireacht orthu cibé acu a bheifear ag cloí le caighdeáin inbhuanaitheachta nó nach mbeifear chun stoic den sórt sin a atógáil ar leibhéal sláintiúil;

[1] WT/MIN(22)/33

- Disciplíní maidir le fóirdheontais a théann chun tairbhe do shoithí nach bhfuil bratach an Bhallstáit fhóirdheonaithe ar foluain acu; agus
- Forálacha fairsinge maidir le trédhearcacht agus fógra a thabhairt chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

Thug Comhaltaí EDT gealltanas freisin leanúint leis an gcaibidlíocht bunaithe ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach i ndoiciméid WT/MIN(21)/W/5 agus WT/MIN(22)/W/20 d'fhonn moltaí a dhéanamh don 13ú Comhdháil Aireachta EDT le haghaidh forálacha breise lena mbainfí amach comhaontú cuimsitheach maidir le fóirdheontais iascaigh, lena n-áirítear trí dhisciplíní breise ar chineálacha áirithe fóirdheontas iascaigh a chuireann leis an ró-acmhainneacht agus leis an ró-iascaireacht, agus á aithint gur cheart go mbeadh cóir speisialta agus dhifreálach atá iomchuí agus éifeachtach do Chomhaltaí a bhfuil a dtíortha i mbéal forbartha agus do Chomhaltaí de na tíortha is lú forbairt ina dlúthchuid den chaibidlíocht sin.

Tiocfaidh an Comhaontú maidir le Fóirdheontais Iascaigh i bhfeidhm do Chomhaltaí EDT a ghlac leis nuair a ghlacfaidh dhá thrian de Chomhaltaí EDT leis. Is é is aidhm don togra seo ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle an Comhaontú a thabhairt i gcrích go foirmiúil i gcomhréir le hAirteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) chun a chur ar a chumas don Aontas fógra a thabhairt do EDT go bhfuil sé glactha aige.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Rinneadh an chaibidlíocht i ndlúthchomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála Seirbhísí agus Infheistíocht dá bhforáiltear le hAirteagal 218(3) CFAE. Tá tabhairt i gcrích fhoirmiúil na caibidlíochta ag an gComhairle ar cheann de na céimeanna is gá faoi Airteagal 218(6) CFAE chun éifeacht dhlíthiúil a thabhairt don toradh caibidlithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Comhaontú go hiomlán comhsheasmhach le beartais an Aontais, go háirithe leis an gComhbheartas Tráchtála, leis an gComhbheartas Iascaigh, leis na rialacha maidir le státchabhair agus leis an mbeartas i ndáil le hobair chuibhiúil.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tabharfaidh an tAontas Eorpach an comhaontú i gcrích de bhun cinneadh ón gComhairle atá bunaithe ar Airteagal 218(6) CFAE, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De réir Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir le réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra le haghaidh an comhaontú a thabhairt i gcrích thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach maidir le gealltanais bhreise a ghlacadh faoi Chomhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála thar ceann an Aontais Eorpaigh.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar an comhaontú a thabhairt i gcrích. Is í seo an t-aon ionstraim dlí amháin atá ar fáil chun cuspóir an togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl an comhaontú faoi réir nósanna imeachta REFIT.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann an togra difear do chosaint ceart bunúsach laistigh den Aontas Eorpach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níltear ag súil go mbeidh tionchar airgeadais ag an gcomhaontú ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Dá nglacfadh an tAontas leis an bPrótacal, bheifí in ann an Comhaontú a ionchorprú in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT.

2022/0364 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le pointe v) d'Airteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas ina Chomhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('EDT') a sheol Babhta Doha de na caibidlíochtaí trádála, ar a dtugtar Clár Oibre Doha um Fhorbairt i mí na Samhna 2001. Cuireadh de chúram ar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ina caibidlíocht maidir le fóirdheontais iascaigh Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 14.6. a bhaint amach.

(2) Rinne an Coimisiún caibidlíocht le Comhaltaí eile i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 207(3) den Chonradh.

(3) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích ag an 12ú Comhdháil Aireachta EDT an 17 Meitheamh 2022. Ghlac Comhdháil Aireachta EDT[3] an Prótacal lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('an Prótacal') agus dearbhaíodh go raibh sí oscailte lena glacadh ag Comhaltaí EDT.

(4) Cuimsíonn an Prótacal an Comhaontú maidir le Fóirdheontais Iascaigh san Iarscríbhinn a ghabhann leis, ar comhaontú é a chuirfear isteach in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ar theacht i bhfeidhm an Phrótacail.

(5) Ba cheart an Prótacal a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais,

2 IO C , , Lch. .

3 WT/MIN(22)/33

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo an Prótacal lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a chumhachtaítear an ionstraim ghlactha mar a shonraítear i míreanna 3 agus 5 den Phrótacal a thaisceadh, thar ceann an Aontais, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal a chur in iúl[4].

*Airteagal 3*

Ní fhorléireofar aon ní sa Phrótacal seo mar ní lena dtugtar cearta nó lena bhforchuirtear oibleagáidí is féidir a agairt go díreach i gcúirteanna an Aontais nó na mBallstát.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha agus foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

4 Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.